Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2026
(OR. en)

16474/26

ECOFIN 1577
FISC 436
UD 357
CLIMA 675
ENV 1457

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	25 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 8367 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 25.11.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú breise a dhéanamh ar uainiú, riarachán, struchtúr agus leibhéal na dtáillí agus gnéithe eile a bhaineann leis an mbainistiú ar dhíol agus athcheannach deimhnithe SCCT, chomh maith le heagrú agus úsáid an ardáin lárnaigh choitinn, lena n-áirítear na táillí chun na costais a bhaineann le hoibriú agus bainistiú an ardáin a chumhdach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 8367 final.

Faoi iamh: C(2026) 8367 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2026
C(2026) 8367 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 25.11.2026

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú breise a dhéanamh ar uainiú, riarachán, struchtúr agus leibhéal na dtáillí agus gnéithe eile a bhaineann leis an mbainistiú ar dhíol agus athcheannach deimhnithe SCCT, chomh maith le heagrú agus úsáid an ardáin lárnaigh choitinn, lena n-áirítear na táillí chun na costais a bhaineann le hoibriú agus bainistiú an ardáin a chumhdach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Bunaítear le Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha atá leabaithe in earraí áirithe a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais chun an riosca sceite carbóin a chosc, agus chun dreasachtaí a chruthú maidir le hastaíochtaí domhanda carbóin a laghdú.

Is le Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasaíodh Rialachán (AE) 2023/956[2]. Leis an Rialachán sin, tugadh isteach simplithe agus feabhsuithe costéifeachtúla ar SCCT gan difear a dhéanamh do bhaint amach na gcuspóirí sa réimse beartais sin. Leis na leasuithe, bhíothas in ann SCCT níos éifeachtúla a bhaint amach, ó thús na tréimhse cinntithí in 2026, agus níor tháinig aon athrú ar phríomhphrionsabail deartha an tsásra ná ar chuspóir comhshaoil SCCT. Leis na leasuithe, maolaíodh an t-ualach riaracháin chun comhlíontacht a éascú agus neartaíodh SCCT trí fhaireachán treisithe agus trí bhearta frith-mhí-úsáide.

Ó mhí Feabhra 2027 ar aghaidh, ceannóidh dearbhóirí SCCT údaraithe deimhnithe SCCT chun a n-oibleagáidí SCCT a chomhlíonadh. Ceannóidh siad deimhnithe SCCT ón mBallstát ina bhfuil siad bunaithe. Déantar foráil in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/956 maidir le rialacha i dtaca le deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach ar an ardán lárnach coiteann. Is é an Coimisiún Eorpach a bhunóidh agus a bhainisteoidh an t-ardán sin tar éis nós imeachta um sholáthar comhpháirteach leis na Ballstáit. Chuige sin, shínigh na Ballstáit uile agus an Coimisiún comhaontú maidir le soláthar comhpháirteach agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Nollaig 2025.

Le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/956 cumhachtaítear an Coimisiún Eorpach freisin gníomhartha a ghlacadh lena sonraítear uainiú, riarachán, struchtúr agus leibhéal na dtáillí agus gnéithe eile a bhaineann leis an mbainistiú ar dhíol agus athcheannach deimhnithe SCCT, chomh maith le heagrú agus úsáid an ardáin lárnaigh choitinn, agus comhsheasmhacht á lorg leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún[3]. Áiritheofar leis na gníomhartha sin go mbeidh eagrú agus úsáid an ardáin lárnaigh choitinn costéifeachtúil, go socrófar leibhéal na dtáillí chun na costais ábhartha a chumhdach go beacht agus go seachnófar costais riaracháin mhíchuí.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Bhunaigh an Coimisiún an Grúpa Saineolaithe Neamhfhoirmiúil maidir le SCCT an 27 Deireadh Fómhair 2023. Chun an Rialachán Tarmligthe seo a ullmhú, tionóladh cruinnithe

---

1 Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj).

2 Rialachán (AE) 2025/2083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/956 a mhéid a bhaineann le simpliú agus neartú an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L, 2025/2083, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2083/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L, 2023/2830, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2830/oj).

den ghrúpa saineolaithe an 17 Iúil 2026, an 1 Meán Fómhair 2026, an 8 Deireadh Fómhair 2026 agus an 22 Deireadh Fómhair 2026.

Rinneadh na doiciméid atá ábhartha do na cruinnithe a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh, dá bhforáiltear sa Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[4]. Cuireadh na barúlacha a thug an grúpa saineolaithe san áireamh agus an dréacht-rialachán tarmligthe á ullmhú.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagfar amach leis an rialachán tarmligthe na socruithe mionsonraithe maidir le deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach ar an ardán lárnach coiteann. Leagfar síos leis na rialacha is gá chun saolré deimhnithe SCCT a oibriú ar fud an dá chóras, is iad sin an t-ardán lárnach coiteann agus an chlárlann SCCT, arna mbunú ag an gCoimisiún, lena ndéanfar deimhnithe SCCT a choinneáil agus a thabhairt suas. Leagfar síos leis freisin rialacha maidir leis na táillí atá le híoc ag dearbhóirí SCCT údaraithe agus deimhnithe SCCT á gceannach acu ar an ardán lárnach coiteann.

[4] An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1–14).

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 25.11.2026

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú breise a dhéanamh ar uainiú, riarachán, struchtúr agus leibhéal na dtáillí agus gnéithe eile a bhaineann leis an mbainistiú ar dhíol agus athcheannach deimhnithe SCCT, chomh maith le heagrú agus úsáid an ardáin lárnaigh choitinn, lena n-áirítear na táillí chun na costais a bhaineann le hoibriú agus bainistiú an ardáin a chumhdach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha[5], agus go háirithe Airteagal 20(5a), an tríú fomhír, agus Airteagal 20(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó bhí an 1 Eanáir 2026 ann, tá coigeartú airgeadais i gceist le Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha ('SCCT') an Aontais a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/956 a chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí gás ceaptha teasa atá leabaithe in earraí, ar earraí iad a thagann faoi raon feidhme SCCT agus a d'allmhairigh dearbhóirí SCCT údaraithe isteach i gcríoch chustaim an Aontais le linn na bliana féilire roimhe sin. Beidh an coigeartú airgeadais sin i bhfoirm deimhnithe SCCT a bheidh ar dhearbhóirí SCCT údaraithe a thabhairt suas.

(2) Le SCCT, comhlánaítear an córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas ('CTA AE') trí shraith choibhéiseach rialacha a chur i bhfeidhm maidir hallmhairiú na n-earraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Comhfhreagraíonn deimhnithe SCCT don mhéid céanna astaíochtaí leabaithe le lamháltais CTA, is é sin, tona amháin de choibhéis CO_2. De bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2023/956, tá an Coimisiún le praghas na ndeimhnithe SCCT le haghaidh gach seachtaine féilire a ríomh mar mheánphraghsanna lamháltais CTA AE a chuirtear ar ceant i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún[6].

(3) De bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2023/956, tá an Coimisiún le clárlann SCCT ('an chlárlann SCCT') a bhunú, arb é an córas é chun na dearbhuithe SCCT dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán sin a chomhdú agus a bhainistiú, lena n-áirítear seiceálacha, measúnuithe táscacha, agus nósanna imeachta athbhreithnithe.

---

5 IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj.

6 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L, 2023/2830, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2830/oj).

Tá sonraí sa chlárlann SCCT, *inter alia*, maidir le dearbhóirí SCCT údaraithe, iarratasóirí agus oibreoirí agus suiteálacha i dtríú tíortha.

(4) Mar sin féin, de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/956, tá díol agus athcheannach deimhnithe SCCT le déanamh ar ardán lárnach coiteann atá éagsúil leis an gclárlann SCCT. Murab ionann agus an chlárlann SCCT, tá an t-ardán lárnach coiteann le bunú agus le bainistiú ag an gCoimisiún tar éis nós imeachta um sholáthar comhpháirteach leis na Ballstáit.

(5) Tá na Ballstáit le deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach le dearbhóirí SCCT údaraithe atá bunaithe ina gcríoch agus uathu. Déantar deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach trí bhíthin sásra arna bhunú le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/956 chun feidhmiú cuí SCCT a áirithiú agus chun rannchuidiú le sceitheadh carbóin a chosc agus le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Déanann na Ballstáit na deimhnithe a dhíol agus a athcheannach. Murab ionann agus CTA AE, ní dhéantar deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach i margadh ina bhfuil na Ballstáit sin rannpháirteach mar oibreoirí eacnamaíocha. Trí dheimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach, gníomhaíonn na Ballstáit chun dlí an Aontais a chur chun feidhme agus chun na cúraimí a chuirtear ar a n-iontaoibh faoi Rialachán (AE) 2023/956 a dhéanamh, agus chun na críche sin amháin.

(6) Ós rud é nach bhfuil SCCT ag brath ar chóras ‘teorannaithe agus trádála’, níor cheart aon teorainn a bheith leis an líon deimhnithe SCCT a dhíolann na Ballstáit le dearbhóirí SCCT údaraithe. Ar an gcúis chéanna, níor cheart aon nós imeachta a bheith ann lena gcuirfí ar a gcumas do na Ballstáit cosc nó moill a chur ar dhíol deimhnithe SCCT le dearbhóirí SCCT údaraithe.

(7) In éagmais srianta ar an líon deimhnithe SCCT a dhíolann na Ballstáit le dearbhóirí SCCT údaraithe atá bunaithe ina gcríoch, níor cheart a cheangal ar na Ballstáit aon ghníomhaíocht a dhéanamh chun deimhnithe SCCT a sheachadadh ná chun aon chomhthaobhacht a thaisceadh. Chun an t-ualach riaracháin agus na costais a laghdú, ba cheart próisis fhoriomlána an chórais SCCT a dhearadh ar bhealach a fhágann gur féidir na cúraimí a uathoibriú go héifeachtúil agus go slán a mhéid is féidir.

(8) De bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/956, ba cheart faisnéis faoi dheimhnithe SCCT a phróiseáil agus a stóráil go leictreonach i gcuntais dearbhóirí SCCT údaraithe atá á gcoinneáil sa chlárlann SCCT. Ar iad a chruthú, níor cheart deimhnithe SCCT a shannadh ach amháin don dearbhóir SCCT údaraithe ceannaigh agus níor cheart úinéireacht na ndeimhnithe sin a bheith inaistrithe chuig aon duine eile ar aon mhargadh ná chuig cuntas SCCT eile sa chlárlann SCCT chun cosc a chur ar aon riosca go mbainfí mí-úsáid as na hoibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/956, go ndéanfaí comhaireamh dúbailte orthu nó go rachfaí timpeall orthu.

(9) Tá córais éagsúla arna mbunú chun críoch éagsúil i gceist le bainistiú deimhnithe SCCT: an chlárlann SCCT arna bunú faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/956, lena n-áirítear próiseáil sonraí pearsanta le haghaidh bhainistiú na ndeimhnithe SCCT i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3210 ón gCoimisiún[7], agus an t-ardán lárnach coiteann arna bhunú faoi Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/956. Baineann sé freisin leis an gcomhéadan idir an dá chóras sin. Chun bainistiú éifeachtúil, slán agus trédhearcach deimhnithe SCCT

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3210 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clárlann SCCT (IO L, 2024/3210, 30.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3210/oj).

a áirithiú, is gá feidhmeanna na clárlainne SCCT agus feidhmeanna an ardáin lárnaigh choitinn maidir le díol agus athcheannach a dheighilt ó chéile. Is í an chlárlann SCCT an córas leictreonach láraithe chun eisiúint, sealbhú, tabhairt suas agus cealú deimhnithe SCCT a rianú. Tá an t-ardán lárnach coiteann freagrach as na hidirbhearta airgeadais a bhaineann le deimhnithe a dhíol agus a athcheannach, lena n-áirítear próiseáil íocaíochta agus socrú idirbheart.

(10) Níor cheart a bheith san ardán lárnach coiteann ach an fhaisnéis is gá chun na hoibríochtaí baincéireachta a bhaineann le díol agus athcheannach deimhnithe SCCT a oibriú, agus ba cheart don chlárlann SCCT an fhaisnéis ábhartha eile ar fad a bhaineann le díol agus athcheannach deimhnithe SCCT a choinneáil. Laghdódh an deighilt sin nochtadh na sonraí agus an riosca go bhfaighfí rochtain neamhúdaraithe orthu.

(11) Tá slándáil dhigiteach láidir ríthábhachtach chun sonraí airgeadais íogaire a chosaint agus chun iontaofacht gach oibríochta baincéireachta a áirithiú, agus ar an gcaoi sin muinín na n-úsáideoirí a chaomhnú. Chun slándáil dhigiteach láidir den sórt sin a fheabhsú, is gá an t-ardán lárnach coiteann a bheith neamhspleách ach nasctha leis an gclárlann SCCT. Chun a áirithiú go bhfuil an bainistiú a dhéantar ar dhíol agus athcheannach deimhnithe SCCT sábháilte, ba cheart bearta slándála TF a chur chun feidhme ar fud an dá chóras sin. Tá sé ríthábhachtach freisin a áirithiú nach féidir gach díol nó athcheannach deimhnithe SCCT a dhéanamh ach amháin má tá an fhaisnéis faoin oibríocht sin a fhaightear ón gclárlann SCCT cruinn agus mura gcuirtear slándáil na hoibríochta sin i mbaol.

(12) Chun slándáil agus sláine a fheabhsú ar fud an dá chóras, is iad sin an chlárlann SCCT agus an t-ardán lárnach coiteann, ba cheart díol agus athcheannach deimhnithe SCCT ar an ardán lárnach coiteann a bheith bunaithe ar phróisis arna dtionscnamh tríd an gclárlann SCCT. Ba cheart do dhearbhóirí iarrataí ar cheannach agus ar athcheannach a iontráil sa chlárlann SCCT ar bhonn na ndeimhnithe SCCT atá inti, sula láimhseálann an t-ardán lárnach coiteann na híocaíochtaí gaolmhara.

(13) Ós rud é nach ndéanfaidh an t-ardán lárnach coiteann ach íocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do dheimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach, ba cheart a úsáideoirí a theorannú d'allmhaireoirí nó dá n-ionadaithe ar deonaíodh an stádas 'dearbhóir SCCT údaraithe' dóibh. Mar sin féin, allmhaireoirí nó ionadaithe a ndearnadh a n-údaruithe a chúlghairm agus a bhfuil oibleagáidí SCCT fós orthu atá le comhlíonadh tríd an gclárlann SCCT, ba cheart dóibh a bheith in ann an t-ardán lárnach coiteann a úsáid freisin chun deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach.

(14) I gcás daoine a ndearnadh a stádas dearbhóra SCCT údaraithe a chúlghairm de bhun Airteagal 17(8) de Rialachán (AE) 2023/956, ba cheart rochtain a bheith oscailte chomh fada agus is gá dóibh chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh nó a gcearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2023/956. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin tar éis athbhreithniú ar dhearbhuithe SCCT arna dhéanamh ag údarás inniúil an Bhallstáit de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2023/956, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh laistigh den tréimhse dar críoch an ceathrú bliain tar éis na bliana ar lena linn ba cheart dearbhuithe SCCT a chur isteach.

(15) De bhun Airteagal 23(3) de Rialachán (AE) 2023/956, tá deimhnithe SCCT le hathcheannach ar an bpraghas céanna leis an bpraghas a íoctar tráth an cheannaigh. Mar sin féin, d'fhéadfadh gnóthachain nó caillteanais airgeadais nach mbaineann le praghas an deimhnithe a bheith mar thoradh ar luaineachtaí sa ráta malairte a tharlaíonn idir tráth an cheannaigh agus tráth athcheannaigh na ndeimhnithe SCCT ina

dhiaidh sin. Chun deireadh a chur le rioscaí a thagann as comhshó airgeadra agus luaineachtaí sa ráta malairte le himeacht ama agus chun tacú le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ar fud an Aontais, ba cheart praghas na ndeimhnithe SCCT a chlárú sa chlárlann SCCT in euro amháin, agus ba cheart gach íocaíocht a bhaineann le díol agus athcheannach a dhéanamh in euro. Áiritheofar leis sin freisin faisnéis chomhionann idir an chlárlann SCCT agus an t-ardán lárnach coiteann agus réiteach sonraí.

(16) De bhun Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2023/956, féadfaidh dearbhóirí SCCT údaraithe iarraidh ar athcheannach a dhéanamh sa chlárlann SCCT chun go ndéanfar na deimhnithe SCCT iomarcacha a bheidh fágtha ar a gcuntas a athcheannach tar éis dóibh iad a thabhairt suas i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán sin. I gcomhréir leis an bhforáil dheireanach sin, tá deimhnithe SCCT le tabhairt suas faoin 30 Meán Fómhair gach bliain. Dá bhrí sin, níor cheart dearbhóirí a bheith incháilithe don cheart athcheannaigh i gcás nach dtugann siad suas, faoin 30 Meán Fómhair gach bliain, an líon deimhnithe a chomhfhreagraíonn don dearbhú SCCT bliantúil.

(17) Thairis sin, dá gceadófaí do dhearbhóirí SCCT údaraithe iarrataí iolracha ar athcheannach a dhéanamh sa chlárlann SCCT, mhéadófaí an chastacht riaracháin, chuirfí bac ar rialú éifeachtach agus chumasófaí straitéisí optamaithe atá dírithe ar bhrabús a dhéanamh as luaineachtaí praghsanna le himeacht ama. Chun riarachán éifeachtúil infhíoraithe an phróisis athcheannaigh a áirithiú, ba cheart, dá bhrí sin, cead a bheith ag dearbhóirí SCCT údaraithe gan ach iarraidh athcheannaigh amháin a chur isteach in aghaidh na bliana, ach amháin i gcás ina ndéantar an t-athcheannach tar éis údarú a chúlghairm. Chuirfeadh teorannú den sórt sin le deimhneacht dhlíthiúil agus le bainistíocht fhónta airgeadais.

(18) Chun feidhmiú comhsheasmhach cuí an tsásra athcheannaigh a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an teorainn is infheidhme maidir le deimhnithe SCCT a athcheannach de bhun Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2023/956 maidir le gach athcheannach, lena n-áirítear na hathcheannaigh sin a dhéantar tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuithe bliantúla SCCT de bhun Airteagal 19(6) den Rialachán sin. Is gá teorainn aonair a chur i bhfeidhm maidir le gach athcheannach chun an riosca go rachfaí timpeall ar an teorainn athcheannaigh a chosc, go háirithe i gcásanna ina ndéanann dearbhóirí SCCT údaraithe rómheastachán ar na hastaíochtaí dearbhaithe agus ina bhféadfaidís, ar shlí eile, féachaint le líon níos mó deimhnithe a athcheannach ná mar a cheadaítear faoin teorainn athcheannaigh sin.

(19) Chun solúbthacht agus uathriail a thabhairt do dhearbhóirí SCCT údaraithe maidir lena ndliteanas airgeadais a bhainistiú agus éifeachtúlacht oibríochtúil SCCT á háirithiú an tráth céanna, i gcomhréir le prionsabail na comhréireachta agus na simplíochta riaracháin, ba cheart dearbhóirí SCCT údaraithe a bheith in ann, sa chlárlann SCCT, a roghnú cé na deimhnithe a bhfuil athcheannach á iarraidh acu ina leith. Chun sláine an chórais SCCT a chosaint agus chun aon chleachtas mí-úsáideach a d'fhéadfadh a bheith ann nó aon iarmhairt neamhbheartaithe eile a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'éifeachtacht chomhshaoil SCCT a chosc, ba cheart don Choimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an tsolúbthacht sin agus bearta breise nó rialacha sonracha a thabhairt isteach lena sriantar an tsolúbthacht sin agus deimhnithe SCCT á roghnú lena n-athcheannach i gcás inar gá, bunaithe ar an bhfianaise ar na cleachtais mhí-úsáideacha nó na hiarmhairtí neamhbheartaithe sin**.**

(20) Chun sláine agus intuarthacht bhainistiú na ndeimhnithe SCCT a áirithiú agus chun próiseáil na n-iarrataí ar athcheannach a chuíchóiriú, ba cheart iarrataí ar athcheannach

arna gcur isteach ag dearbhóirí SCCT údaraithe a bheith neamh-inchúlghairthe agus neamh-inleasaithe sa chlárlann SCCT ó thús an phróisis formheasa athcheannaigh.

(21) De bhun Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2023/956, maoineoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin do dhearbhóir SCCT údaraithe, athcheannach deimhnithe SCCT iomarcacha ó na dearbhóirí SCCT údaraithe atá bunaithe ina gcríoch. Athcheannófar na deimhnithe SCCT iomarcacha sin tríd an ardán lárnach coiteann arna bhunú agus arna bhainistiú ag an gCoimisiún. Tá an nós imeachta um athcheannach ón gclárlann SCCT chuig an ardán lárnach coiteann níos casta ná an nós imeachta um cheannach, toisc go n-éilítear céimeanna nós imeachta breise leis.

(22) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun an gá atá le formheas de láimh ó na Ballstáit a sheachaint, ba cheart an próiseas athcheannaigh a uathoibriú sa chlárlann SCCT. Chun próiseáil thráthúil chomhsheasmhach iarrataí ar athcheannach de bhun Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2023/956 a áirithiú, is iomchuí sprioc-am a leagan síos ar laistigh de ba cheart iarrataí ar athcheannach a phróiseáil. Dá mbunófaí sprioc-am den sórt sin, chuirfí feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil do dhearbhóirí SCCT údaraithe, thacófaí le héifeachtúlacht riaracháin agus d'áiritheofaí cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo. Ar dhul in éag an sprioc-ama sin, ba cheart don Choimisiún na deimhnithe SCCT a athcheannach tríd an ardán lárnach coiteann thar ceann an Bhallstáit ina bhfuil an dearbhóir SCCT údaraithe bunaithe. San am céanna, leis an sprioc-am sin, ba cheart dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit chun a áirithiú go mbeidh na cistí is gá ar fáil. Ós rud é gurb é ról an Choimisiúin an t-athcheannach a phróiseáil thar ceann na mBallstát, tá aon sásamh dlíthiúil a d'fhéadfaí a lorg sa chomhthéacs sin le díriú ar údaráis an Bhallstáit lena mbaineann.

(23) Chun a áirithiú go bhfabhróidh na fáltais ó dheimhnithe SCCT a athcheannach chuig an dearbhóir SCCT údaraithe, chun na rioscaí calaoise, íocaíochtaí earráideacha agus sciúrtha airgid a mhaolú, agus chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin a bhaineann le cuntais bhainc a fhíorú, ba cheart cumas dearbhóirí SCCT údaraithe cuntas bainc a ainmniú le haghaidh íocaíochtaí deimhnithe athcheannaithe ar an ardán lárnach coiteann a theorannú do chuntais bhainc áirithe a d'úsáid na dearbhóirí sin cheana féin chun deimhnithe SCCT a cheannach ar an ardán sin.

(24) Faoi Airteagal 24 de Rialacháin (AE) 2023/956, an 1 Samhain gach bliain cuirfidh an Coimisiún ar ceal, gan chúiteamh, aon deimhniú SCCT a ceannaíodh le linn na bliana roimh an mbliain féilire roimhe sin agus a bhí fágtha i gcuntas dearbhóra SCCT údaraithe sa chlárlann SCCT. Chun cur isteach ar an bpróiseas athcheannaigh a sheachaint agus chun úsáid dhúbailte deimhnithe SCCT a sheachaint, ar deimhnithe iad lena mbaineann iarraidh ar athcheannach atá ar feitheamh, is iomchuí stop a chur leis na deimhnithe SCCT sin a bheith ar fáil a thuilleadh ar chuntas an dearbhóra SCCT údaraithe sa chlárlann SCCT.

(25) Trí fhaisnéis ábhartha a chur in iúl tríd an gcomhéadan ar bhealach leanúnach nach mór i bhfíor-am, ba cheart an chlárlann SCCT agus an t-ardán lárnach coiteann a bheith in ann a gcúraimí faoi seach a chur i gcrích. Ba cheart a áirithiú leis an malartú faisnéise sin go ndéanfaidh an t-ardán lárnach coiteann íocaíochtaí bunaithe ar fhaisnéis maidir le hiarrataí ar cheannach agus ar athcheannach a fhaightear ón gclárlann SCCT. Dá réir sin, ba cheart don ardán lárnach coiteann an fhaisnéis faoi idirbhearta a dhéanann sé nó faoi theagmhais a chur in iúl don chlárlann SCCT, sula nginfear n deimhnithe SCCT dá réir sin sa chlárlann SCCT. Áiritheoidh an Coimisiún go sannfar uimhir aitheantais uathúil do gach deimhniú SCCT nuair a chruthófar é, agus go gcláróidh sé an uimhir aitheantais uathúil, chomh maith leis an bpraghas agus

dáta díola an deimhnithe SCCT, sa chlárlann SCCT i gcuntas an dearbhóra SCCT údaraithe atá ag ceannach an deimhnithe sin.

(26) Chun slándáil agus sláine na bpróiseas díola agus athcheannaigh a neartú a thuilleadh, ba cheart réiteach sonraí a bheith ann ar fud an dá chóras, trína ndéantar an fhaisnéis a chur i gcomparáid agus a fhíorú chun a hiomláine, a cruinneas agus a comhsheasmhacht a áirithiú. Ina theannta sin, níor cheart deimhnithe SCCT a chur ar fáil do dhearbhóirí SCCT údaraithe sa chlárlann SCCT ach amháin i gcás inar íocadh an tsuim chomhfhreagrach. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú nach ndéanfar an t-athrú stádais ar iarrataí ar cheannach sa chlárlann SCCT ach amháin tar éis deimhniú a fháil ón ardán lárnach coiteann faoi íocaíocht éifeachtach.

(27) Chun go mbeidh an córas chomh héifeachtúil agus is féidir, is iomchuí go seolfadh an t-ardán lárnach coiteann an fhaisnéis maidir le díol agus athcheannach deimhnithe SCCT chuig an gclárlann SCCT. Dá réir sin, ba cheart a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil gan moill mhíchuí do gach Ballstát sa chlárlann SCCT. Mar sin féin, níor cheart rochtain a bheith ag na Ballstáit ach ar an bhfaisnéis maidir le hoibríochtaí a bhaineann le dearbhóirí SCCT údaraithe atá bunaithe i gcríoch an Bhallstáit sin.

(28) Chun go ndéanfaidh an t-ardán lárnach coiteann na híocaíochtaí a bhaineann le díol agus athcheannach deimhnithe SCCT, ba cheart do dhearbhóirí SCCT údaraithe agus do na Ballstáit na cuntais bhainc a ainmniú a úsáidfidh siad chun na cistí comhfhreagracha a fháil. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an cuntas bainc sin a ainmniú lasmuigh den ardán lárnach coiteann. Ar bhonn na faisnéise baincéireachta atá ina sheilbh, agus ar bhonn na faisnéise a fuarthas ón gclárlann SCCT i ndáil le hiarrataí ar dhíol agus ar athcheannach arna gcur isteach sa chlárlann SCCT ag dearbhóirí SCCT údaraithe, ba cheart don ardán lárnach coiteann na híocaíochtaí comhfhreagracha a dhéanamh.

(29) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus an riosca aisiompaithe a mhaolú, ba cheart don ardán lárnach coiteann an íocaíocht a chomhfhreagraíonn do dhíol nó d'athcheannach deimhnithe SCCT a dhéanamh tríd an tsuim a íocadh ó chuntas bainc ainmnithe an íocóra a aistriú chuig cuntas bainc ainmnithe an íocaí i gcistí imréitithe, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go bhfuil na cistí socraithe go hiomlán agus go bhfuil siad le fáil i gcuntas bainc an íocaí. Ba cheart don ardán lárnach coiteann an t-aistriú cistí sin a dhéanamh an lá céanna a dhéanfar an íocaíocht chun bearna ama idir an íocaíocht agus aistrithe airgid éifeachtacha a sheachaint.

(30) Ba cheart don ardán lárnach coiteann an Coimisiún a chur ar an eolas tríd an gclárlann SCCT faoi aon neamh-infhaighteacht oibríochtaí sceidealaithe chun leanúnachas oibríochtúil a áirithiú agus chun comhordú iomchuí a cheadú. Dá réir sin, ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil d'úsáideoirí agus do na Ballstáit sa chlárlann SCCT. Chun sláine agus iontaofacht an chórais a chosaint, ba cheart don ardán lárnach coiteann staonadh freisin ó íocaíochtaí a dhéanamh i ndáil le hiarrataí ar cheannach nó ar athcheannach i gcás inar cosúil go bhfuil an fhaisnéis a fhaightear ón gclárlann SCCT míchruinn nó go bhféadfaí slándáil na hoibríochta nó an ardáin lárnaigh choitinn a chur i mbaol.

(31) Chun sláine agus rúndacht idirbheart a áirithiú, agus chun go mbeidh an fhaisnéis sin faoi réir rialuithe iomchuí, níor cheart d'úsáideoirí rochtain a fháil ar an ardán lárnach coiteann ach amháin chun íocaíochtaí a dhéanamh ón gclárlann SCCT agus le linn an ama oibriúcháin chéanna leis an gclárlann SCCT.

(32) Chun tacaíocht éifeachtach d'úsáideoirí agus réiteach tráthúil ar shaincheisteanna oibríochtúla a áirithiú, ba cheart don ardán lárnach coiteann seirbhís líne abhrach a bhunú agus a choinneáil ar bun a mbeidh rochtain ag gach úsáideoir uirthi. Ba cheart dó oibriú i gcomhar freisin leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún agus an fhaisnéis is gá a chomhroinnt chun aon teagmhas a réiteach, agus ar an gcaoi sin bainistiú comhordaithe teagmhas a áirithiú.

(33) Chun sláine iomlán an chórais a áirithiú, ba cheart don ardán lárnach coiteann rialú, bainistiú riosca agus faireachán leormhaith a chur chun feidhme freisin chun a áirithiú go bhfaighidh íocaithe, go tráthúil, na suimeanna iomlána a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí a dhéantar le haon cheann de na modhanna a úsáideann an t-ardán lárnach coiteann chun cistí a aistriú.

(34) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán iomchuí ar bhainistiú deimhnithe SCCT, ba cheart an fhaisnéis atá stóráilte ar an ardán lárnach coiteann a chur ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún.

(35) De bhun Airteagal 20(5a) de Rialachán (AE) 2023/956, tá na costais arna dtabhú maidir le bunú, oibriú agus bainistiú an ardáin lárnaigh choitinn le maoiniú le táillí is iníoctha ag dearbhóirí SCCT údaraithe. Ba cheart táillí den sórt sin a chur i bhfeidhm maidir le deimhnithe SCCT a dhíol. Ba cheart dóibh costais an ardáin a mhaoiniú go díreach, cé is moite den chéad chonradh soláthair chomhpháirtigh, lenar cheart na costais sin a íoc ar dtús as buiséad ginearálta an Aontais agus iad a aisíoc trí bhíthin na dtáillí sin, arb é a bheidh iontu chun na críche sin ioncam sannta inmheánach.

(36) Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus costais riaracháin mhíchuí a sheachaint, ba cheart an táille atá le cur i bhfeidhm maidir le díol deimhnithe SCCT a shocrú ar leibhéal lena n-áirithítear go gcumhdófar na costais arna dtabhú le bunú, oibriú agus bainistiú an ardáin lárnaigh choitinn le linn an chéad chonartha soláthair chomhpháirtigh, mar a íocadh ar dtús le buiséad ginearálta an Aontais. Mar sin féin, níor cheart na táillí a bheith níos mó ná na costais sin chun sláine agus cothroime an tsásra SCCT a chaomhnú. Ba cheart leibhéal na táille a bheith faoi réir athbhreithniú tráthrialta agus ba cheart é a choigeartú más gá, chun na costais ábhartha a chumhdach go docht.

(37) Chun córas bailithe éifeachtúil a áirithiú, ba cheart do dhearbhóirí SCCT údaraithe na táillí a íoc tráth a íoctar na deimhnithe SCCT. Ba cheart don ardán lárnach coiteann na táillí a bhailiú ó na híocaíochtaí a dhéanann dearbhóirí SCCT údaraithe. An t-ioncam a ghintear trí dheimhniú SCCT a dhíol, ba cheart don ardán lárnach coiteann é a aistriú chuig na Ballstáit ábhartha. Ar feadh ré an chéad chonartha soláthair phoiblí chomhpháirtigh, ba cheart na táillí comhfhreagracha a aistriú chuig an gCoimisiún. I gcás na gconarthaí soláthair ina dhiaidh sin, ba cheart na táillí a bhailíonn an t-ardán lárnach coiteann a bheith ina léiriú ar a íocaíocht as na seirbhísí a sholáthraítear. Dá bhrí sin, ba cheart don ardán lárnach coiteann córas íocaíochta a oibriú lena ndéantar idirdhealú idir an t-ioncam ó dheimhnithe SCCT a dhíol agus na táillí comhfhreagracha.

(38) Chun intuarthacht agus simplíocht a áirithiú le haghaidh dearbhóirí SCCT údaraithe, ba cheart táillí a shocrú ag méid socraithe in euro, gan beann ar phraghas an deimhnithe SCCT ná ar an mBallstát díolacháin. Ba cheart an táille atá le híoc ag dearbhóirí SCCT údaraithe a iolrú faoin líon deimhnithe SCCT lena mbaineann an iarraidh ar cheannach. Beidh sé sin ag teacht freisin le struchtúr na dtáillí a chuirtear i bhfeidhm ar cheant lamháltais CTA AE de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830.

(39) Is próiseas é deimhnithe SCCT a athcheannach lena gceadaítear solúbthacht áirithe a mhéid a bhaineann leis an gcaoi a ndéanfaidh dearbhóirí SCCT údaraithe a ndliteanas airgeadais SCCT a bhainistiú agus an riosca go ndéanfaí rócheannach deimhnithe SCCT gan chúiteamh a mhaolú mar thoradh ar éiginnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann tráth an allmhairithe i ndáil le roinnt paraiméadair thábhachtacha, amhail an praghas carbóin a íoctar i dtríú tír. Chun muirir dhúbailte a sheachaint, níor cheart táillí a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le hoibríochtaí a dhéanann an t-ardán lárnach coiteann i ndáil le deimhnithe SCCT a dhíol.

(40) De bhun Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3210, is rialaitheoirí comhpháirteacha iad údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún maidir le próiseáil sonraí pearsanta le haghaidh bhainistiú na ndeimhnithe SCCT i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/956. Próiseálann údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún sonraí pearsanta atá cláraithe ar an gClárlann SCCT agus ar an ardán lárnach coiteann i gcomhréir lena gcúraimí mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2023/956 agus, dá réir sin, gníomhaíonn siad mar rialaitheoirí sonraí de réir bhrí Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1725 chun bainistiú a dhéanamh ar na deimhnithe SCCT a cheannaítear nó a athcheannaítear ar an ardán lárnach coiteann.

(41) Ba cheart sonraí pearsanta a choimeád i bhfoirm lena gcumasaítear sainaithint na n-ábhar sonraí ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá chun na gcríoch dá ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2023/956, féadfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuithe SCCT suas le deireadh an cheathrú bliain tar éis na bliana ar lena linn ba cheart an dearbhú SCCT a chur isteach. Ós rud é go bhféadfaí tuilleadh deimhnithe SCCT a dhíol nó a athcheannach mar thoradh ar athbhreithnithe, agus ós rud é go bhféadfadh sé gur ghá uastréimhse suas le 7 mbliana a chur san áireamh chun críoch amhail athbhreithniú ar dhearbhuithe SCCT, is iomchuí go ndéanfaí an tréimhse coinneála sonraí le haghaidh faisnéis maidir le díol agus athcheannach deimhnithe SCCT sa chlárlann SCCT agus ar an ardán lárnach coiteann, chomh maith leis an tréimhse ina gcoimeádtar faisnéis a thaifeadtar ar an ardán lárnach coiteann, a ailíniú leis an tréimhse ina bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuithe SCCT.

(42) Chun dea-chomhordú a áirithiú idir an t-ardán lárnach coiteann agus an chlárlann SCCT, ba cheart an fhaisnéis a thaifeadtar gach lá a thuairisciú ón ardán lárnach coiteann don Choimisiún, tríd an gclárlann SCCT. Tá an tuarascáil sin ríthábhachtach chun iontaofacht agus slándáil na faisnéise a thaifeadtar ar an ardán lárnach coiteann a áirithiú, agus chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis cheannann chéanna ag na páirtithe uile lena mbaineann maidir le deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach, chomh maith le haon fhaisnéis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin.

(43) I gcomhréir le hAirteagal 20(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/956, tá rochtain le bheith ag an gCoimisiún agus ag údaráis inniúla na mBallstát ar an bhfaisnéis san ardán lárnach coiteann. Dá réir sin, ba cheart rochtain a bheith ag na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an ardán lárnach coiteann ar an bhfaisnéis a thaifeadtar ann, rud a thagann faoi inniúlacht gach páirtí. Ba cheart an rochtain sin a bheith saor in aisce.

(44) Cé go bhfuil sé beartaithe tús a chur le deimhnithe SCCT a dhíol ar an ardán lárnach coiteann an 1 Feabhra 2027 de bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2023/956, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún, mar pháirtithe conarthacha, tabhairt faoi nós imeachta um sholáthar comhpháirteach chun an t-ardán lárnach coiteann dá

bhforáiltear in Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2023/956 a cheapadh sula gcuirfear tús le deimhnithe SCCT a dhíol ar an ardán sin. Dá bhrí sin, cé gur cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Feabhra 2027, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar síos leis maidir le soláthar agus bunú an ardáin lárnaigh choitinn ó lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Chun feidhmiú tráthúil gan bhriseadh dhíolacháin na ndeimhnithe SCCT a áirithiú agus chun cur isteach ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheachaint, ba cheart é a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(45) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 8 Meán Fómhair 2026.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘úsáideoir’ dearbhóir SCCT údaraithe nó, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) 2023/956, dearbhóir SCCT údaraithe nár dúnadh a chuntas SCCT go fóill;

(2) ciallaíonn ‘deimhniú SCCT atá ar fáil’ deimhniú SCCT a fhéadfaidh úsáideoir a thabhairt suas chun a oibleagáidí a chomhlíonadh de bhun Airteagal 19(5) nó 22(1) de Rialachán (AE) 2023/956;

(3) ciallaíonn ‘praghas an deimhnithe SCCT’ praghas deimhnithe SCCT arna ríomh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2023/956;

(4) ciallaíonn ‘dáta ceannaigh’ an lá féilire a fhaigheann t-ardán lárnach coiteann, i gcistí imréitithe, suim iomlán íocaíochta a chomhfhreagraíonn do cheannach deimhnithe SCCT;

(5) ciallaíonn ‘dáta sochair’ an lá féilire a chuirtear deimhniú SCCT ar fáil ar chuntas SCCT an úsáideora;

(6) ciallaíonn ‘córas íocaíochta’ córas íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7), de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8];

(7) ciallaíonn ‘an t-ardán lárnach coiteann a cheapadh’ dámhachtain conartha de réir an nós imeachta um sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 20(2), an chéad fhomhír, de Rialacháin (AE) 2023/956;

[8] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj).

(8) ciallaíonn ‘stádas deimhnithe SCCT’ an staid a shanntar do dheimhniú SCCT tráth ar leith, arna chinneadh leis na gníomhaíochtaí a dhéanann difear don deimhniú sin sa chlárlann SCCT. Féadfaidh ceann de na stádais seo a leanas a bheith ag deimhniú SCCT: ‘curtha de shochar’, ‘le hathcheannach’, ‘athcheannaithe’, ‘curtha ar fionraí lena chealú’, ‘curtha ar ceal’ agus ‘tugtha suas’.

CAIBIDIL II

DEIMHNITHE SCCT A DHÍOL AGUS A ATHCHEANNACH

Airteagal 2

Iarraidh ar cheannach

1. Iontrálfaidh úsáideoir iarraidh ar cheannach (‘iarraidh ar cheannach’) sa chlárlann SCCT dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2023/956 (‘an chlárlann SCCT’).

   Is éard a bheidh sa líon deimhnithe SCCT lena mbaineann iarraidh ar cheannach slánuimhir atá cothrom le 1 nó níos mó ná sin agus atá níos lú ná 99 999 nó cothrom leis sin.

2. Sannfar uimhir aitheantais don iarraidh ar cheannach arna cur isteach sa chlárlann SCCT ag úsáideoir. Áiritheofar go gclárófar an fhaisnéis seo a leanas:

   (a) uimhir aitheantais na hiarrata ar cheannach;

   (b) an líon deimhnithe SCCT;

   (c) praghas gach deimhnithe SCCT arna ríomh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme 2025/2548[9];

   (d) an méid iomlán atá le híoc as na deimhnithe SCCT;

   (e) an táille in aghaidh an deimhnithe SCCT dá dtagraítear in Airteagal 15;

   (f) méid iomlán na dtáillí;

   (g) méid iomlán na hiarrata ar cheannach.

   Praghas an deimhnithe SCCT lena mbaineann iarraidh ar cheannach, coinneofar cothrom le dáta é sa chlárlann SCCT.

3. Ní leasóidh úsáideoir iarraidh ar cheannach tar éis don úsáideoir iarraidh ar cheannach a chur isteach sa chlárlann SCCT. Ní fhéadfaidh úsáideoir an iarraidh sin ar cheannach a tharraingt siar ach amháin sula ndéanfar an íocaíocht ar an ardán lárnach coiteann de bhun Airteagal 13.

4. Coinneofar stádas iarrata ar cheannach cothrom le dáta sa chlárlann SCCT.

[9] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2548 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le praghas deimhnithe SCCT a ríomh agus a fhoilsiú (IO L, 2025/2548, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2548/oj).

Airteagal 3

Deimhnithe SCCT a chruthú

1. Ar dheimhniú ón ardán lárnach coiteann maidir le cur i gcrích na híocaíochta, cruthófar na deimhnithe SCCT sa chuntas SCCT dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2023/956 (‘an cuntas SCCT’) de chuid an dearbhóra SCCT údaraithe trí bhíthin formáid chaighdeánaithe leictreonach.

2. Ar dheimhniú SCCT a chruthú, clárófar an fhaisnéis seo a leanas sa chlárlann SCCT:

   (a) uimhir aitheantais uathúil an deimhnithe SCCT;

   (b) uimhir chuntais SCCT uathúil an úsáideora;

   (c) an Ballstát ina bhfuil an t-úsáideoir bunaithe;

   (d) praghas an deimhnithe SCCT;

   (e) dáta an tsochair;

   (f) stádas an deimhnithe SCCT;

   (g) uimhir aitheantais na hiarrata ar cheannach.

Airteagal 4

Iarraidh ar athcheannach

1. I gcás ina n-iarrann úsáideoir deimhnithe SCCT a athcheannach de bhun Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2023/956, cuirfidh an t-úsáideoir iarraidh ar athcheannach isteach sa chlárlann SCCT (‘iarraidh ar athcheannach’) ina mbeidh na deimhnithe SCCT a bhfuil athcheannach á iarraidh aige ina leith, má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

   (a) is éard a bheidh sa líon deimhnithe SCCT slánuimhir atá cothrom le 1 nó níos mó ná sin;

   (b) ní sháraíonn an líon deimhnithe SCCT an teorainn dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2023/956;

   (c) tá na deimhnithe SCCT le fáil i gcuntas SCCT an úsáideora, i gcomhréir le hAirteagal 5, nó, i gcás athbhreithniú ar dhearbhú de bhun Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2023/956, thug an dearbhóir suas mar dheimhnithe breise iad tar éis d’údarás inniúil an Bhallstáit an t-athbhreithniú a thabhairt i gcrích;

   (d) comhlíonann an t-úsáideoir ceann de na coinníollacha seo a leanas:

   – chomhlíon an t-úsáideoir an oibleagáid, de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2023/956, an líon deimhnithe SCCT a chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí leabaithe a dearbhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán sin le haghaidh na bliana roimh an tabhairt suas a thabhairt suas faoin 30 Meán Fómhair;

   – bhí an t-úsáideoir díolmhaithe ó oibleagáidí Rialachán (AE) 2023/956 de bhun Airteagal 2a(1) den Rialachán sin le haghaidh na bliana féilire roimhe sin.

2. Féadfaidh úsáideoir iarraidh ar athcheannach a chur isteach sa chlárlann SCCT uair sa bhliain allmhairiúcháin. Mar sin féin, ní chuirfear san áireamh iarrataí ar athcheannach arna gcur isteach sa chlárlann SCCT tar éis d’údarás inniúil an

Bhallstáit athbhreithniú ar dhearbhú SCCT a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 19(6) de Rialachán (AE) 2023/956. Ar iarraidh ar athcheannach a chur isteach sa chlárlann roimh an 1 Aibreán, an 1 Iúil nó an 1 Samhain, ní dhéanfaidh úsáideoir í a leasú ná a tharraingt siar ar an dáta ábhartha nó dá éis.

3. Nuair a chuireann úsáideoir iarraidh ar athcheannach isteach sa chlárlann SCCT, déanfar praghas iomlán na hiarrata a ríomh agus a thaispeáint in euro sa chlárlann SCCT.

4. Sannfar uimhir aitheantais don iarraidh ar athcheannach. Clárófar an fhaisnéis seo a leanas:

   (a) uimhir aitheantais na hiarrata ar athcheannach;

   (b) an líon deimhnithe SCCT;

   (c) uimhreacha aitheantais na n-iarrataí ar cheannach lena mbaineann an iarraidh ar athcheannach;

   (d) méid iomlán na hiarrata ar athcheannach.

5. Gach bliain faoin 15 Bealtaine, faoin 15 Lúnasa agus faoin 15 Nollaig, athcheannóidh an Coimisiún, thar ceann an Bhallstáit ina bhfuil an dearbhóir SCCT údaraithe bunaithe, na deimhnithe SCCT lena mbaineann iarrataí ar athcheannach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus ar chuir úsáideoirí isteach sa chlárlann SCCT iad de bhun an Airteagail seo roimh an 1 Aibreán, an 1 Iúil agus an 1 Samhain, faoi seach, agus ar chuir an Ballstát nó a údarás inniúil na cistí a chomhfhreagraíonn don athcheannach ar fáil ina leith de bhun Airteagal 20(2).

6. Déanfaidh an Coimisiún na hiarrataí ar athcheannach dá dtagraítear i mír 5 a shíniú go digiteach thar ceann an Bhallstáit ina bhfuil an dearbhóir SCCT údaraithe bunaithe.

7. Cuirfear an t-úsáideoir agus na Ballstáit nó a n-údaráis inniúla ar an eolas faoi stádas na hiarrata ar athcheannach tríd an gclárlann SCCT. Soláthróidh an Coimisiún do na Ballstáit nó dá n-údaráis inniúla an fhaisnéis a chomhfhreagraíonn don líon iomlán iarrataí ar athcheannach dá dtagraítear i mír 4 agus don mhéid iomlán dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

Airteagal 5

Infhaighteacht deimhnithe SCCT

1. Sannfar stádas ‘curtha de shochar’ do na deimhnithe SCCT agus cuirfear ar fáil iad i gcuntas SCCT dearbhóra SCCT údaraithe ar an deimhniú íocaíochta a fháil ón ardán lárnach coiteann dá dtagraítear in Airteagal 13(2).

2. An 1 Aibreán, an 1 Iúil nó an 1 Samhain gach bliain, sannfar stádas ‘le hathcheannach’ do na deimhnithe SCCT atá in iarraidh ar athcheannach a cuireadh isteach sa chlárlann SCCT de bhun Airteagal 4 roimh an 1 Aibreán, an 1 Iúil agus an 1 Samhain, faoi seach, agus ní bheidh siad ar fáil a thuilleadh i gcuntas SCCT an dearbhóra SCCT údaraithe.

   Tar éis na deimhnithe SCCT a iarradh a athcheannach i gcomhréir le hAirteagail 4(5) agus 4(6), sannfar stádas ‘athcheannaithe’ dóibh agus ní bheidh siad ar fáil a thuilleadh i gcuntas SCCT an dearbhóra SCCT údaraithe.

CAIBIDIL III

An tARDÁN LÁRNACH COITEANN

Airteagal 6

An t-ardán lárnach coiteann a bhunú agus a bhainistiú

1. Chun an t-ardán lárnach coiteann dá dtagraítear in Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2023/956 a bhunú agus a bhainistiú, síneoidh na Ballstáit agus an Coimisiún (‘na húdaráis chonarthacha’) comhaontú chun nós imeachta um sholáthar comhpháirteach a sheoladh.

2. An nós imeachta um sholáthar comhpháirteach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfar é de bhun Airteagal 168(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

3. Ní bheidh tréimhse an chéad chonartha soláthair chomhpháirtigh le haghaidh an ardáin lárnaigh choitinn níos faide ná 5 bliana.

   Féadfar síneadh bliana a chur leis an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar chinneadh ó na húdaráis chonarthacha, nach mór don Choimisiún fógra a thabhairt ina leith don ardán lárnach coiteann roimh dheireadh na bliana roimh bhliain dheireanach an chonartha.

4. Sula seolfaidh na húdaráis chonarthacha nós imeachta um sholáthar, féadfaidh an Coimisiún réamhchomhairliúchán margaidh a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 169(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 d’fhonn dálaí an mhargaidh a fhíorú agus an nós imeachta um sholáthar comhpháirteach a ullmhú.

5. Gan dochar don Rialachán seo, féadfaidh téarmaí agus coinníollacha an chonartha lena gceaptar an t-ardán lárnach coiteann rialacha breise a sholáthar maidir le rialachas agus riarachán an ardáin, lena n-áirítear maidir leis na seirbhísí arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 7, an rochtain ar an ardán lárnach coiteann de bhun Airteagal 8, na híocaíochtaí de bhun Airteagal 13 agus bainistiú sonraí a dhéanann an t-ardán lárnach coiteann de bhun Airteagail 20 go 23. Féadfar tuilleadh sonraí a sholáthar leis an gconradh sin freisin maidir leis an nós imeachta chun na táillí dá dtagraítear in Airteagal 15 a bhailiú.

6. Foilseoidh an Coimisiún céannacht agus sonraí teagmhála an ardáin lárnaigh choitinn dá dtagraítear san Airteagal seo ar a shuíomh gréasáin nuair a cheapfar an t-ardán lárnach coiteann.

Airteagal 7

Na seirbhísí a sholáthraíonn an t-ardán lárnach coiteann

1. Soláthróidh an t-ardán lárnach coiteann na seirbhísí seo a leanas:

[10] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(a) soláthar leanúnach seirbhísí ar líne, nach mór i bhfíor-am agus gan bhriseadh a áirithiú le linn uaireanta oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8, lena n-áirítear tar éis athrú seirbhíse;

(b) an rochtain dá dtagraítear in Airteagal 8 a sholáthar d'úsáideoirí, lena n-áirítear soláthar, cothabháil agus comhoiriúnacht na gcóras is gá leis an gcomhéadan idir an t-ardán lárnach coiteann agus an chlárlann SCCT a áirithiú;

(c) an rochtain dá dtagraítear in Airteagal 23 a sholáthar d'úsáideoirí, do na Ballstáit agus don Choimisiún;

(d) fáltais na n-íocaíochtaí a dháileadh nó a áirithiú go ndáiltear iad ar an mBallstát nó ar an úsáideoir lena mbaineann, de bhun Airteagal 13;

(e) fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na stádais íocaíochta tríd an gclárlann SCCT;

(f) bailiú táillí a sholáthar, nó a áirithiú go soláthrófar iad, de bhun Airteagal 15;

(g) na tuarascálacha faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 17 a sholáthar;

(h) an tacaíocht deisce seirbhíse dá dtagraítear in Airteagal 12 a sholáthar;

(i) breathnú ar na próisis íocaíochta, fógra a thabhairt maidir le hamhras faoi sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, gníomhaíocht choiriúil nó aon chalaois nó aon mhí-úsáid, aon bheart feabhais nó aon smachtbhanna is gá a riar, lena n-áirítear sásra um réiteach díospóidí seachbhreithiúnach a sholáthar.

2. Sula n-osclófar na seirbhísí atá á reáchtáil aige, nascfaidh an t-ardán lárnach coiteann leis an gclárlann SCCT agus beidh sé idir-inoibritheach léi, tríd an gcomhéadan a bhfuil a shonraíochtaí le leagan síos ag an gCoimisiún.

Áiritheoidh an t-ardán lárnach coiteann go leigheasfar aon saincheist a shainaithnítear de bhun na chéad fhomhíre roimh oscailt na seirbhísí atá á reáchtáil aige.

3. Laistigh de 12 mhí ó dháta a cheaptha, déanfaidh an t-ardán lárnach coiteann na doiciméid arna gcinneadh i gcomhréir leis an gconradh lena gceaptar an t-ardán lárnach coiteann a chur faoi bhráid an Choimisiúin, lena leagfar amach bearta mionsonraithe atá beartaithe chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) aistriú an chórais uile is gá chun go leanfaidh na seirbhísí dá dtagraítear san Airteagal seo gan bhriseadh agus oibriú rianúil na bpróiseas díola agus athcheannaigh ag aon chomharba ar an ardán lárnach coiteann;

(b) soláthar na faisnéise uile a bhaineann leis na próisis díola agus athcheannaigh is gá le haghaidh an nós imeachta um sholáthar chun aon chomharba ar an ardán lárnach coiteann a cheapadh;

(c) cúnamh teicniúil a sholáthar lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis chonarthacha, d'aon chomharba ar an ardán lárnach coiteann, nó d'aon mheascán díobh, an córas nó an fhaisnéis ábhartha arna soláthar de bhun phointí (a) agus (b) a thuiscint, rochtain a fháil orthu nó iad a úsáid.

Airteagal 8

Uaireanta rochtana agus oibriúcháin

1. Is iad an Coimisiún, na Ballstáit agus na húsáideoirí amháin a mbeidh rochtain acu ar an ardán lárnach coiteann.

Beidh sé inrochtana chun íocaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach le linn am oibriúcháin na clárlainne SCCT.

Ní bheidh rochtain ag úsáideoir ar an ardán lárnach coiteann ach amháin tríd an gclárlann SCCT.

2. Soláthróidh an t-ardán lárnach coiteann a oibríochtaí ar bhealach atá go hiomlán slán, iontaofa agus ar líne, nach mór i bhfíor-am, gan bhriseadh agus ar bhealach leanúnach.

3. Cuirfidh an t-ardán lárnach coiteann an Coimisiún ar an eolas tríd an gclárlann SCCT faoi aon neamh-infhaighteacht oibríochtaí sceidealaithe luath go leor roimh ré nó, i gcás neamh-infhaighteacht oibríochtaí neamhsceidealaithe, a luaithe is féidir.

Cuirfidh an Coimisiún úsáideoirí agus na Ballstáit ar an eolas tríd an gclárlann SCCT faoi neamh-infhaighteacht na n-oibríochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír gan moill mhíchuí.

Airteagal 9

Teagmhais

1. Ní dhéanfaidh an t-ardán lárnach coiteann an íocaíocht i ndáil le hiarraidh ar cheannach nó iarraidh ar athcheannach i gcás ina léirítear nach bhfuil an fhaisnéis a bhaineann leis an iarraidh a fuair sé ón gclárlann SCCT cruinn, nó go bhféadfaí slándáil na hoibríochta lena mbaineann nó an ardáin lárnaigh choitinn a chur i mbaol.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an t-ardán lárnach coiteann an Coimisiún ar an eolas láithreach tríd an gclárlann SCCT.

Déanfaidh an t-ardán lárnach coiteann agus an Coimisiún gníomhaíochtaí láithreacha éifeachtacha agus oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile chun an tsaincheist shainaitheanta a leigheas. Cuirfidh an t-ardán lárnach coiteann an Coimisiún ar an eolas tríd an gclárlann SCCT nuair a leigheasfar an teagmhas.

Airteagal 10

Ceanglais maidir le taifid a choinneáil

1. Sannfaidh an t-ardán lárnach coiteann uimhir aitheantais uathúil do gach íocaíocht a dhéanann sé de bhun Airteagal 13.

2. Déanfaidh an t-ardán lárnach coiteann mionsonraí iomlána agus cruinne gach íocaíochta a dhéanann sé de bhun Airteagal 13 a thaifeadadh i loga beartaíochta.

Áireofar an fhaisnéis seo a leanas leis an loga:

(a) an uimhir aitheantais uathúil dá dtagraítear i mír 1;

(b) uimhir aitheantais na hiarrata ar cheannach dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a), nó uimhir aitheantais na hiarrata ar athcheannach dá dtagraítear in Airteagal 4(4), pointe (a);

(c) uimhir chuntais SCCT an úsáideora;

(d) cuntas bainc ainmnithe an úsáideora;

(e) an Ballstát ina bhfuil an t-úsáideoir bunaithe;

(f) cuntas bainc ainmnithe an Bhallstáit;

(g) dáta agus am an cheannaigh;

(h) suim iomlán na híocaíochta, líon agus praghas na ndeimhnithe SCCT, agus na táillí.

3. An fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le teagmhais dá dtagraítear in Airteagal 9, déanfaidh an t-ardán lárnach coiteann í a thaifeadadh.

Airteagal 11

Faireachán ar oibríochtaí

1. Déanfaidh an t-ardán lárnach coiteann dlúthfhaireachán i gcónaí ar a oibríochtaí de bhun an Rialacháin seo.

2. Oibreoidh an Coimisiún, na Ballstáit agus an t-ardán lárnach coiteann i gcomhar le chéile go gníomhach chun a áirithiú go ndéanfaidh an t-ardán lárnach coiteann faireachán éifeachtúil de bhun mhír 1.

3. Arna iarraidh sin don Choimisiún, soláthróidh an t-ardán lárnach coiteann agus na Ballstáit don Choimisiún aon fhaisnéis atá ina seilbh a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don fhaireachán éifeachtach de bhun mhír 1, agus chun críoch iniúchóireachta agus slándála freisin.

Airteagal 12

Tacaíocht

Déanfaidh an t-ardán lárnach coiteann seirbhís líne cabhrach a chur ar bun agus a bhainistiú, ar seirbhís í a mbeidh rochtain ag gach úsáideoir uirthi, i mBéarla, le linn uaireanta deisce seirbhíse.

Comhoibreoidh an t-ardán lárnach coiteann le deasca seirbhíse na mBallstát agus an Choimisiúin, agus roinnfidh sé an fhaisnéis is gá chun aon teagmhas a réiteach.

CAIBIDIL IV

ÍOCAÍOCHT AR AN ARDÁN LÁRNACH COITEANN

Airteagal 13

Íocaíocht

1. Íocfaidh úsáideoir méid iomlán na hiarrata ar cheannach dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo ar an ardán lárnach coiteann sula n-athróidh an praghas is infheidhme ar dheimhniú SCCT de bhun Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2023/956.

I gcás ina bhfuil an dáta ceannaigh a chomhfhreagraíonn d'iarraidh ar cheannach mar an gcéanna leis an lá a athraíonn praghas an deimhnithe SCCT, nó i gcás ina bhfuil an dáta ceannaigh níos déanaí ná an lá sin, cuirfear an iarraidh ar cheannach ar ceal. Sa chás sin, déanfaidh an t-ardán lárnach coiteann, gan moill mhíchuí, an t-úsáideoir a aisíoc tríd an tsuim iomlán sin, lena n-áirítear an táille, más ann di, a aistriú chuig an gcuntas bainc a úsáidtear le haghaidh na híocaíochta.

Faoi dheireadh an lae féilire a fhaigheann an t-ardán lárnach coiteann, i gcistí imréitithe, an tsuim a chomhfhreagraíonn d'iarraidh ar cheannach, aistreoidh an

t-ardán lárnach coiteann an tsuim sin, lúide an táille dá dtagraítear in Airteagal 15, chuig cuntas bainc ainmnithe an Bhallstáit i gcistí imréitithe.

Tar éis an aistrithe sin, seolfaidh an t-ardán lárnach coiteann deimhniú íocaíochta chuig an gclárlann SCCT.

2. Deimhneoidh úsáideoir an t-ordú íocaíochta ar an ardán lárnach coiteann a chomhfhreagraíonn d'iarraidh ar athcheannach arna síniú ag an gCoimisiún, thar ceann an Bhallstáit lena mbaineann, sa chlárlann SCCT de bhun Airteagal 4(6).

Ar an ardán lárnach coiteann, ainmneoidh úsáideoir cuntas bainc le haghaidh an athcheannaigh, arb é a bheidh ann an cuntas bainc ónar íoc an t-úsáideoir as na deimhnithe SCCT, ar shuim chomhiomlánaithe iomlán, lena n-áirítear na táillí, atá cothrom leis an tsuim a chomhfhreagraíonn don iarraidh ar athcheannach nó atá os a cionn.

Faoi dheireadh an lae féilire ar a n-ainmníonn an t-úsáideoir an cuntas bainc le haghaidh an athcheannaigh de bhun na fomhíre thuas, aistreoidh an t-ardán lárnach coiteann an tsuim sin chuig cuntas bainc an úsáideora.

Tar éis an aistrithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, seolfaidh an t-ardán lárnach coiteann deimhniú íocaíochta chuig an gclárlann SCCT.

3. Is in euro amháin a dhéanfar na híocaíochtaí a bhaineann le deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach ar an ardán lárnach coiteann.

4. Féadfaidh an conradh lena gceaptar an t-ardán lárnach coiteann tuilleadh sonraí a thabhairt maidir le bainistiú íocaíochtaí.

CAIBIDIL V

COSTAIS AN ARDÁIN LÁRNAIGH CHOITINN AGUS TÁILLÍ

Airteagal 14

Costais

1. Maoineofar costais na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 7 le táillí is iníoctha ag dearbhóirí SCCT údaraithe.

2. Féadfaidh an conradh lena gceaptar an t-ardán lárnach coiteann tuilleadh sonraí a thabhairt maidir le costais na seirbhísí.

Airteagal 15

Táillí

1. Beidh feidhm ag táille maidir le deimhnithe SCCT a dhíol ar an ardán lárnach coiteann. Beidh feidhm aige ag méid socraithe in aghaidh an deimhnithe SCCT a dhíolann na Ballstáit.

Socrófar an táille ag EUR 0,05 in aghaidh an deimhnithe SCCT a dhíoltar.

2. Baileoidh an t-ardán lárnach coiteann an táille dá dtagraítear i mír 1 maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag úsáideoirí.

3. Ar feadh ré an chonartha lena gceaptar an chéad ardán lárnach coiteann, aistreoidh an t-ardán lárnach coiteann, ar bhonn laethúil, na táillí i gcistí imréitithe chuig an gCoimisiún.

4. Ní chuirfear táillí ná muirir d'aon chineál i bhfeidhm maidir le díol deimhnithe SCCT ar an ardán lárnach coiteann, seachas an táille dá dtagraítear i mír 1.

CAIBIDIL VI

MALARTÚ FAISNÉISE AGUS TUAIRISCIÚ

Airteagal 16

Malartú faisnéise

1. An fhaisnéis seo a leanas maidir le hiarraidh ar cheannach a cuireadh isteach sa chlárlann SCCT, seolfar í ón gclárlann SCCT chuig an ardán lárnach coiteann:

   (a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 2(2);

   (b) uimhir chuntais SCCT an úsáideora;

   (c) an Ballstát ina bhfuil an t-úsáideoir bunaithe.

2. An fhaisnéis seo a leanas maidir le hiarraidh ar athcheannach a cuireadh isteach sa chlárlann SCCT, seolfar í chuig an ardán lárnach coiteann:

   (a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(4);

   (b) uimhir chuntais SCCT an úsáideora;

   (c) aitheantas an Bhallstáit ina bhfuil an t-úsáideoir bunaithe.

3. Seolfaidh an t-ardán lárnach coiteann na stádais íocaíochta tríd an gclárlann SCCT.

   Beidh an t-ardán lárnach coiteann freagrach as iomláine, cruinneas, sláine, rúndacht agus cur isteach tráthúil na stádas íocaíochta. I gcás ina sainaithníonn an t-ardán lárnach coiteann, an Coimisiún nó Ballstáit earráidí nó easnaimh, déanfaidh siad gníomhaíocht láithreach agus éifeachtach, agus oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile, chun an tsaincheist shainaitheanta a leigheas.

4. Féadfaidh an t-ardán lárnach coiteann agus an Coimisiún aon fhaisnéis eile a mhalartú freisin tríd an gclárlann SCCT maidir le díol agus athcheannach deimhnithe SCCT a mheastar a bheith ábhartha chun réiteach sonraí agus faireachán cuí ar na hoibríochtaí a dhéanann an t-ardán lárnach coiteann a áirithiú.

5. Malartuithe faisnéise idir an chlárlann SCCT agus an t-ardán lárnach coiteann maidir le díol agus athcheannach deimhnithe SCCT, déanfar iad ar bhealach atá go hiomlán slán, iontaofa agus nach mór láithreach trí bhíthin an chomhéadain leictreonaigh ghréasánbhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 8.

Airteagal 17

Tuairisciú

1. Seolfaidh an t-ardán lárnach coiteann tuarascáil réitigh chuig an gCoimisiún tríd an gclárlann SCCT ag deireadh gach lae oibre ar lena linn a rinne sé aon oibríocht.

Seolfaidh an t-ardán lárnach coiteann an tuarascáil i bhformáid leictreonach agus síneofar go digiteach í.

Sn tuarascáil réitigh, cumhdófar an tréimhse ó bhí an tuarascáil dheireanach ann.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil réitigh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcás gach Ballstáit:

(a) an fhaisnéis maidir le hiarrataí ar cheannach dá dtagraítear in Airteagal 2(2);

(b) an fhaisnéis maidir le hiarrataí ar athcheannach dá dtagraítear in Airteagal 4(4);

(c) stádas na n-íocaíochtaí;

(d) an líon deimhnithe SCCT a díoladh;

(e) an líon deimhnithe SCCT a athcheannaíodh;

(f) an líon úsáideoirí a mbaineann an díolachán leo;

(g) an líon úsáideoirí a mbaineann an t-athcheannach leo;

(h) suim airgeadaíochta iomlán na ndíolachán in euro;

(i) suim airgeadaíochta iomlán na n-athcheannach in euro;

(j) an líon teagmhas dá dtagraítear in Airteagal 9.

3. An fhaisnéis maidir leis an líon deimhnithe SCCT arna gceannach agus arna n-athcheannach, mar aon lena méideanna iomlána, cuirfear ar fáil láithreach iad sa chlárlann SCCT do Bhallstát maidir leis na dearbhóirí SCCT údaraithe atá bunaithe sa chríoch sin.

4. Soláthróidh an t-ardán lárnach coiteann tuarascáil mhíosúil don Choimisiún maidir le hoibríochtaí an ardáin, lena n-áirítear a infhaighteacht, a éabhlóid theicniúil agus a shlándáil.

5. Faoin 31 Eanáir gach bliain, déanfaidh an t-ardán lárnach coiteann forbhreathnú agus anailís iomlán ar a ghníomhaíochtaí le linn na bliana roimhe sin a thabhairt don Choimisiún.

6. Soláthróidh an t-ardán lárnach coiteann tuarascáil mhíosúil don Choimisiún maidir le bainistiú na táille.

7. Beidh an t-ardán lárnach coiteann freagrach as iomláine, cruinneas agus cur isteach tráthúil na dtuarascálacha dá dtagraítear san Airteagal seo. I gcás ina sainaithníonn an t-ardán lárnach coiteann, an Coimisiún nó Ballstát earráidí nó easnaimh i dtuarascáil, ceartóidh an t-ardán lárnach coiteann an fhaisnéis láithreach agus cuirfidh sé tuarascáil cheartaithe faoi bhráid an Choimisiúin agus an Bhallstáit lena mbaineann.

CAIBIDIL VII

OIBLEAGÁIDÍ NA nÚDARÁS CONARTHACH AGUS NA mBALLSTÁT

Airteagal 18

Oibleagáidí na n-údarás conarthach

Déanfaidh na húdaráis chonarthacha faireachán ar chur chun feidhme an chonartha lena gceaptar an t-ardán lárnach coiteann.

Airteagal 19

Leanúnachas gnó, coimircí dliteanais agus leigheasanna conarthacha

1. Déanfar bunú agus bainistiú an ardán lárnaigh choitinn, lena n-áirítear na seirbhísí uile is gá chun deimhnithe SCCT a dhíol agus a athcheannach, a rialú le creat dlíthiúil an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, agus leis an gconradh lena gceaptar an t-ardán lárnach coiteann arna thabhairt i gcrích de réir an nós imeachta um sholáthar comhpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 6.

2. Sa chonradh lena gceaptar an t-ardán lárnach coiteann beidh forálacha lena n-áiritheofar leanúnachas na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 7, lena n-áirítear leanúnachas gnó iomchuí, athshlánú ó thubaiste, athléimneacht oibríochtúil, bainistiú teagmhas, athchóiriú seirbhísí agus socruithe aistrithe is gá chun a áirithiú go leanfar gan bhriseadh de na próisis díola agus athcheannaigh agus go n-aistreofar oibríochtaí go hordúil chuig aon ardán a thiocfaidh i gcomharbacht air.

3. Beidh forálacha iomchuí sa chonradh lena gceaptar an t-ardán lárnach coiteann freisin maidir le dliteanas, leigheasanna agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sásraí feidhmíochta conarthacha, damáistí leachtaithe, bearta ceartaitheacha, cearta iniúchóireachta agus rialaithe, oibleagáidí tuairiscithe, agus bearta foirceanta nó athsholáthair i gcás neamhfheidhmíochta, feidhmíocht easnamhach, teipeanna slándála nó sárú ar oibleagáidí conarthacha. Leis na forálacha sin, tabharfar aghaidh freisin ar dhliteanas oibreoir an ardáin lárnaigh choitinn, lena n-áirítear an oibleagáid atá air an tAontas agus na Ballstáit a shlánú ar chaillteanais, damáistí, costais agus caiteachas a eascraíonn as éilimh tríú páirtí, lena n-áirítear éilimh a bhaineann le himeachtaí faoi Airteagal 25, a mhéid a eascraíonn éilimh den sórt sin as gníomhartha nó neamhghníomhartha is inchurtha i leith an oibreora maidir le comhlíonadh a oibleagáidí conarthacha.

4. Agus faireachán á dhéanamh ag na húdaráis chonarthacha ar chur chun feidhme an chonartha de bhun Airteagal 18, áiritheoidh siad go ndéanfar na coimircí conarthacha dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo a choinneáil ar bun go héifeachtach agus go mbeidh siad in-fhorfheidhmithe ar feadh thréimhse an chonartha.

5. Leis an gconradh lena gceaptar an t-ardán lárnach coiteann, féadfar ceanglais bhreise a leagan síos i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le rialacha airgeadais agus soláthair an Aontais is infheidhme.

Airteagal 20

Oibleagáidí na mBallstát

1. Ainmneoidh na Ballstáit nó a n-údaráis inniúla ar an ardán lárnach coiteann an cuntas bainc ar a bhfuil a Bhallstát leis na fáltais a fháil ó dheimhnithe SCCT a dhíol (‘cuntas bainc ainmnithe’).

   Is éard a bheidh sa chuntas bainc ainmnithe cuntas bainc tiomnaithe atá i seilbh an Bhallstáit nó a údaráis inniúil nó cuntas eile arna ainmniú ag an mBallstát chun na críche sin.

2. Faoin 15 Bealtaine, faoin 15 Lúnasa nó faoin 15 Nollaig, de réir mar is iomchuí, cibé dáta is ábhartha don dáta athcheannaigh is déanaí ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 4(5), aistreoidh na Ballstáit nó a n-údaráis inniúla an méid iomlán a chomhfhreagraíonn do na hiarrataí ar athcheannach dá dtagraítear in Airteagal 4(5) chuig an gcuntas bainc arna ainmniú ag an gCoimisiún chun athcheannaigh a bhainistiú.

3. Cuirfidh na Ballstáit nó a n-údaráis inniúla an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhainneachtain ag an ardán lárnach coiteann an conradh lena gceaptar é a chomhlíonadh.

4. Agus a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh acu, cuirfidh na Ballstáit nó a n-údaráis inniúla san áireamh aon bhreithniú rúndachta gairmiúla a bhfuil na húdaráis sin faoina réir faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.

CAIBIDIL VIII

CEANGLAIS MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

Airteagal 21

Ról sonrach an Choimisiúin, údaráis inniúla na mBallstát agus an ardáin lárnaigh choitinn

1. Gníomhóidh an Coimisiún mar rialaitheoir aonair agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aige maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) maoirseacht a dhéanamh ar an ardán lárnach coiteann trí athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha a bhaineann lena oibríochtaí;

   (b) réiteach, trí fhaisnéis réitigh a úsáid chun bailíocht agus comhsheasmhacht oibríochtaí a sheiceáil;

   (c) iniúchóireacht, trí úsáid a bhaint as faisnéis arna soláthar ag an ardán lárnach coiteann agus ag údaráis inniúla na mBallstát;

   (d) bainistiú a dhéanamh ar chearta rochtana fhoireann an Choimisiúin ar an ardán lárnach coiteann, trí bhíthin a fhoireann féin a údarú.

2. Gníomhóidh údarás inniúil an Bhallstáit mar rialaitheoir aonair agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aige maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) bainistiú a dhéanamh ar chearta rochtana a fhoirne ar an ardán lárnach coiteann, trí bhíthin a fhoireann féin a údarú;

(b) deimhnithe SCCT a dhíol le húsáideoirí atá bunaithe ina Bhallstát, de bhun Airteagail 2 agus 13, agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le hathcheannaigh a chistiú;

(c) rochtain a fháil ar fhaisnéis idirbhirt agus logaí a bhaineann le húsáideoirí atá bunaithe ina Bhallstát agus iad a úsáid dá chúraimí féin, lena n-áirítear réiteach airgeadais;

(d) comhar maidir le hoibríochtaí faireacháin, lena n-áirítear faisnéis a sholáthar maidir le hiniúchóireacht agus oibriú i gcomhar i dtaca le ceartú earráidí nó easnamh, agus comhar idir deasca náisiúnta agus deasca seirbhíse chun tacú le húsáideoirí laistigh dá fhreagrachtaí;

(e) seiceálacha comhlíontachta, imscrúduithe agus forfheidhmiú, cúraimí eile a shanntar go dlíthiúil, agus rannpháirtíocht in imeachtaí cúirte a bhaineann le leigheasanna in aghaidh cinntí athcheannaigh.

3. Gníomhóidh an t-ardán lárnach coiteann mar rialaitheoir aonair agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aige maidir leis an méid seo a leanas:

(a) bainistiú a dhéanamh ar chearta rochtana a phearsanra féin ar an ardán lárnach coiteann, trí bhíthin a fhoireann féin a údarú;

(b) aon phróiseáil bhreise ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an ardán lárnach coiteann chun a chríoch féin.

4. Gníomhóidh an Coimisiún mar phróiseálaí, agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aige thar ceann údaráis inniúla na mBallstát chun na gcríoch seo a leanas:

(a) deimhnithe SCCT a dhíol le húsáideoirí atá bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann;

(b) iarrataí ar cheannach a éascú, faisnéis cheannaigh agus íocaíochta a mhalartú, agus deimhnithe a chruthú tar éis deimhniú íocaíochta;

(c) deimhnithe SCCT a athcheannach thar ceann údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, an fhaisnéis ábhartha maidir le hiarraidh ar athcheannach a phróiseáil chun athcheannaigh a dhéanamh agus an iarraidh a shíniú go digiteach thar ceann údarás inniúil sin an Bhallstáit;

(d) comhar maidir le faireachán, iniúchadh agus ceartú a dhéanamh ar earráidí nó easnaimh, cúnamh oibríochtúil a sholáthar agus an fhaisnéis is gá a phróiseáil le haghaidh chúraimí údarás inniúil an Bhallstáit.

5. Gníomhóidh an t-ardán lárnach coiteann mar phróiseálaí agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aige faoi threoracha doiciméadaithe le haghaidh na n-oibríochtaí seo a leanas:

(a) thar ceann an Choimisiúin, chun tuarascálacha a ullmhú agus faisnéis a sholáthar, maidir le maoirseacht an Choimisiúin, lena n-áirítear faireachán agus iniúchóireacht, agus an t-ardán lárnach coiteann a oibriú agus a choinneáil ar bun chun críocha an Choimisiúin a liostaítear san Airteagal seo;

(b) thar ceann údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, chun tacú leis an údarás sin agus chun an t-ardán lárnach coiteann a oibriú agus a choinneáil ar bun chun na gcríoch a liostaítear san Airteagal seo;

(c) thar ceann an Choimisiúin, chun úsáid a bhaint as an gcomhéadan idir an Chlárlann SCCT agus an t-ardán lárnach coiteann chun maoirseacht a

dhéanamh ar an ardán lárnach coiteann, leis na sonraí arna soláthar i bhfoirm anaithnid, chun na gcríoch a liostaítear san Airteagal seo;

(d) thar ceann údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, chun úsáid a bhaint as an gcomhéadan chun deimhnithe SCCT a dhíol chun na gcríoch a liostaítear san Airteagal seo;

(e) thar ceann údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann, chun úsáid a bhaint as an gcomhéadan chun deimhnithe SCCT a athcheannach chun na gcríoch a liostaítear san Airteagal seo.

Airteagal 22

Faisnéis atá i seilbh an ardáin lárnaigh choitinn

1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas is gá chun díol agus athcheannach deimhnithe SCCT a oibriú i seilbh an ardáin lárnaigh choitinn:

(a) uimhir chuntais SCCT gach úsáideora;

(b) sonraí chuntas bainc ainmnithe gach úsáideora;

(c) sonraí chuntas bainc ainmnithe gach Ballstáit.

2. Ní dhéanfaidh an t-ardán lárnach coiteann ach an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c), a bhainistiú.

3. Áiritheoidh an t-ardán lárnach coiteann go gcoimeádfar an fhaisnéis uile faoi rún agus go mbeidh sí iontaofa agus slán.

Airteagal 23

Cearta rochtana

1. Beidh sé de cheart ag úsáideoirí rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta atá i seilbh an ardáin lárnaigh choitinn de bhun an Rialacháin seo.

2. Beidh sé de cheart ag Ballstát rochtain a fháil ar na sonraí uile atá i seilbh an ardáin lárnaigh choitinn de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear an fhaisnéis a choimeádtar sa loga beartaíochta dá dtagraítear in Airteagal 10(2), maidir leis na húsáideoirí atá bunaithe i gcríoch a Bhallstáit.

3. Beidh sé de cheart ag an gCoimisiún rochtain a fháil ar na sonraí uile atá i seilbh an ardáin lárnaigh choitinn de bhun an Rialacháin seo maidir leis na húsáideoirí uile, lena n-áirítear an loga beartaíochta iomlán dá dtagraítear in Airteagal 10(2).

4. Arna iarraidh sin d'úsáideoir, do Bhallstát nó don Choimisiún, soláthróidh an t-ardán lárnach coiteann, go tráthúil, an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3, saor in aisce agus ar bhealach slán agus leictreonach.

Airteagal 24

Tréimhse coinneála sonraí

Coinneoidh an t-ardán lárnach coiteann faisnéis ar feadh tréimhse suas le 7 mbliana tar éis na bliana féilire ina dtaifeadtar an fhaisnéis.

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 25

An ceart chun leigheasanna

Aon chinneadh a dhéanfar maidir le hiarrataí ar cheannach nó ar athcheannach, measfar é a bheith déanta ag an mBallstát ina bhfuil an dearbhóir SCCT bunaithe. Soláthróidh an Coimisiún aon fhaisnéis ábhartha atá aige do na Ballstáit.

Áiritheoidh an t-ardán lárnach coiteann go bhfuil sásra seachbhreithiúnach i bhfeidhm aige chun déileáil le gearáin ó úsáideoir a iarrann rochtain ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 22(1), pointí (a) agus (b).

Airteagal 26

Clásal athbhreithniúcháin

I gcás ina nglacfar acmhainn dhílis bunaithe ar SCCT, i gcomhréir le hAirteagal 311, an tríú mír, CFAE, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo i bhfianaise aon mhódúlacht a bhaineann leis an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil. Déanfar foráil le conradh soláthair chomhpháirtigh go bhféadfaí athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh.

Airteagal 27

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2027. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 6 ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25.11.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN